

Nósanna Imeachta i gComhair Earcú Sábháilte Foirne agus Oibrithe Deonacha chun Oibriú le Leanaí

Leagan: 2 / 10.2023

An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁC DL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023

An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁC DL é: 16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú:  (CEO)

Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁC DL TÁ / NÍL

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁC DL: TÁ / NÍL

Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Uimh. an Bheartais: PL/002	Uimhir an Leagain 2 / 10.2023
Leaganacha roimhe seo: 1.3 26/2/18	Le hÉifeacht ón: 9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta an Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Nósanna Imeachta i gComhair Earcú Sábháilte Foirne agus Oibrithe Deonacha chun Oibriú le Leanáí

D'fhonn earcú sábháilte foirne agus oibrithe deonacha a chinntiú, déanfar seiceálacha ar gach ball foirne de chuid BOOÁCDL (baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc araon) agus oibrithe deonacha a oibríonn inár scoileanna agus inár gcoláistí agus iarrfar ar an nGarda Síochána grinnfhiosrúchán a dhéanamh orthu, leis.

Le tacú leis an dea-chleachtas agus lena chinntiú go mbíonn nósanna imeachta BOOÁCDL idir láidir agus éifeachtach, déantar gach próiseas earcaíochta i gcomhréir le (i) beartas earcaíochta agus grinnfhiosrúcháin BOOÁCDL agus (ii) ciorcláin ón Roinn Oideachais maidir le earcaíocht agus grinnfhiosrúchán.

- Ciorcláin 0031/2011 - Earcaíocht, Clárú agus Cáilíochtaí I leith Múinteoirí
- Ciorclán 0063/2010 - Gnásanna Earcaithe - riachtanais maidir le Seiceáil an Gharda
- Ciorclán 0031/2016 - Tosú Riachtanais Reachtúla do Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Ciorclán 0016/2017 - Riachtanais reachtúla maidir le grinnfhiosrúchán cúlghabhálach ar bhaill d'fhoirne teagaisc, fostaithe neamhtheagaisc agus daoine eile

Iarrtar ar an nGarda Síochána grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhaoine atá á meas lena bhfostú i scoileanna agus i gcoláistí de chuid BOOÁCDL, lena n-áirítear fostaithe díreacha, oibrithe deonacha agus/nó daoine atá ar thaithí oibre. Déantar an méid sin de réir Bheartas Grinnfhiosrúcháin BOOÁCDL, atá bunaithe ar na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanáí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

Sula gceapfar aon bhall foirne i bpost, déanfar seiceálacha ar a (h)aitheantas, ar bhailíocht a c(h)uid cáilíochtaí, ar a t(h)agairtí agus ar a stair fostaíochta.

Tá seicliostaí earcaíochta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar na seiceálacha ar fad agus go gcuirtear i gcrích iad. Úsáidtear foirm iarratais i dteannta agallaimh agus tuairiscí ó mholtóirí leis na sonraí a cuireadh ar fáil a chros-seiceáil.

Ní thosóidh ball foirne ná oibrí deonach i bpost go dtí go mbeidh sé deimhnithe go bhfuil gach tagairt in ord agus in eagar, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ina measc.

Na baill foirne go léir a bhíonn ag obair le leanáí, déanfar grinnfhiosrúchán orthu in athuair gach cúig bliana.

Bainfidh cuid den oiliúint ionductaithe a chuirtear ar gach ball foirne agus ar gach ball boird nua le cúrsaí cosanta leanaí.

